
# Cad iad na cleachtais chumhdaigh atá ag tarlú i do scoil faoi gach ceann de na ceithre phríomhréimse folláine?



## Déan athbhreithniú ar an Ráiteas samplach um Chosaint Leanaí atá furasta le húsáid ag daltaí/scoláirí.

## Athmhachnamh ar an bPríomhfhoghlaim

3 — rud a d'fhoghlaim mé

2 — ghníomh a dhéanfaidh mé

1 — cheist atá agam

# Cumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca

Tabhair faoi deara: Cuirtear na samplaí thíos ar fáil chun cabhrú le scoileanna tabhairt faoina measúnú riosca faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeadh an liosta samplaí seo uileghabhálach, agus má luaitear sampla de pholasaí nó de nós imeachta ar na liostaí seo ní chiallaíonn sé sin go bhfuil sé éigeantach.

Tá sé de dhualgas ar gach scoil a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-aithnítear agus go sonrófar aon rioscaí agus nósanna imeachta eile atá ábhartha dá cúinsí áirithe féin sa mheasúnú riosca scríofa agus go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí go léir a aithnítear.

## Samplaí

| | Liosta de Ghníomhaíochtaí Scoile | Rioscaí a Sainaithnítear i leith gach Gníomhaíochta Scoile | Bearta atá i bhfeidhm chun riosca a mhaolú |
|---|---|---|---|
| 1 | Tabhairt Leigheas | An baol go ndéanfaidh ball de phearsanra scoile dochar do leanbh. | Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le cógais a thabhairt do dhaltaí.<br>Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le Garchabhair a thabhairt. |
| 2 | Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG, Bí Sábháilte | Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh.<br>Riosca díobhála de bharr ciníochais.<br>An baol go ndéanfaidh leanbh eile dochar do leanbh sa scoil.<br>Riosca díobhála toisc nach gcuirtear an deis ar fáil do leanaí scileanna féinchosanta a fhorbairt.<br>Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh eile nó duine fásta. | Cuireann an scoil an Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm ina iomláine.<br>Cuireann an scoil curaclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) i bhfeidhm ina iomláine.<br><br>Cuireann an scoil an Clár Folláine ag an tSraith Shóisearach i bhfeidhm ina iomláin.<br>Tá Cód Iompair ag údaráis na scoile agus tá beartas frithbhulaíochta i bhfeidhm i gcomhréir le nósanna imeachta "Bí Cineálta" na Roinne chun cosc a chur ar an mbulaíocht i scoileanna agus aghaidh a thabhairt uirthi mar atá leagtha amach i gCiorclán 55/2024. |

# Cumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca

## Gníomhaíocht

| | Liosta de Ghníomhaíochtaí Scoile | Rioscaí a Sainaithnítear i leith gach Gníomhaíochta Scoile | Bearta atá i bhfeidhm chun riosca a mhaolú |
|---|---|---|---|
| 3 | Daltaí/scoláirí agus baill foirne ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear rochtain ar an idirlíon agus úsáid na meán sóisialta | | |
| 4 | Turais Scoile | | |
| 5 | Cuairteoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile | | |